# Imeachtaí Foclóireachta Fhoras na Gaeilge

# Oireachtas na Samhna 2025

**Dáta:** **Dé hAoine, 31 Deireadh Fómhair**
**Láthair:** **Seomra Cruinnithe 2, Leibhéal 3, ICC**

| **Ó** | **Go dtí** | **Ábhar** | **Cainteoir** |
|---|---|---|---|
| 16.30 | 17.30 | **Focal ar Fhocal: Tionscadail Foclóireachta Fhoras na Gaeilge**<br><br>**An chéad fhéachaint ar an bhFoclóir Nua Gaeilge**<br><br>Déanfar léiriú beo sa seisiún seo ar an bhfoclóir nua aonteangach Gaeilge a sheolfar go hoifigiúil roimh dheireadh na bliana. Seo an chéad bhlaiseadh a gheobhaidh pobal na Gaeilge ar iontrálacha agus ar shuíomh nua foclóir.ie. Beidh seisiún ceisteanna agus plé ina dhiaidh.<br><br>Craolfar an seisiún seo ar leathanach YouTube Fhoras na Gaeilge.<br><br>Tabharfar deis do dhaoine triail a bhaint as an suíomh nua le linn an deireadh seachtaine.<br><br>Tae agus caife ar fáil. | Pádraig Ó Mianáin & Cormac Breathnach |

**Dáta:** **Dé Sathairn, 1 Samhain**
**Láthair:** **Seomra Cruinnithe 2, Leibhéal 3, ICC**

| Ó | Go dtí | Ábhar | Cainteoir |
|---|---|---|---|
| 14.00 | 15.00 | **Úsáid *focloir.ie* agus *teanglann.ie* (agus béim ar leith ar an bhfoclóir nua aonteangach Gaeilge)**<br><br>Cur i láthair ina dtaispeánfar conas lántairbhe a bhaint as na foclóirí agus áiseanna ar líne ag focloir.ie agus teanglann.ie. Beidh béim ar leith sa seisiún seo **ar shuíomh nua foclóir.ie agus ar an bhfoclóir nua aonteangach Gaeilge** atá le seoladh roimh dheireadh na bliana. Beidh deis ag daoine féachaint ar an leagan tástála den suíomh nua agus iontrálacha aonteangacha a fheiceáil i riocht a bhfoilsithe. Beidh seisiún ceisteanna agus plé ina dhiaidh.<br><br>Craolfar an seisiún seo ar leathanach YouTube Fhoras na Gaeilge.<br><br>Tabharfar deis do dhaoine triail a bhaint as an suíomh nua le linn an deireadh seachtaine.<br><br>Tae agus caife ar fáil. | Pádraig Ó Mianáin & Cormac Breathnach |